Oíche Ceiliúrtha na n-Óg

*Ag ócáid ceiliúrtha Chumann Óige Locha Riach bhí **Póla Ní Chonchubhair**, Eagarthóir 'Cois Locha', **Breanda Uí Dhroighneáin**, Oifigeach Ógras Chúige Chonnachta, **Ali Mac Aindreasa**, Cathaoirleach an Chumann Óige, **Máirtín Davy Ó Coistealbha**, RTÉ RnaG, **Paidí Ó Lionáird**, TG4 agus **Conall Mac Eochagáin**, stiúrthóir DVD na n-Óg.*

Tháinig ***Cumann Óige Locha Riach***, teaghlaigh agus cairde le chéile ag deireadh Mhí an Mheithimh le ceiliúradh a dhéanamh ar an mhéid a bhí curtha i gcrích acu i rith na bliana. Bhí cúis ceiliúrtha acu gan amhras agus bliain gnóthach go leor acu ina raibh clár faisnéise gairid curtha le chéile acu ar DVD bunaithe ar dráma a d'ullmhaigh siad le haghaidh 'Feile Raifteirí'.

Mar aon leis sin, thaifead siad clár raidió i gcomhar le **Máirtín Davy Ó Coistealbha** RTÉ RnaG darbh ainm 'Na Spailpíní Óga'.

Bhí tuairiscí i dtaobh an mhéid thuasluaite agus a thuilleadh le fáil san iris 'Cois Locha' a chuir siad le chéile acu chomh maith.

Sheol **Paidí Ó Lionáird** (TG4) an DVD, an clár raidió agus an iris ag an ocáid speisialta sa chomhar creidmheasa.

Is cosúil anois go bhfuil an Cumann Óige ag réiteach pleananna don bhliain seo chugainn agus iad ag teacht le chéile arís Meán Fhómhair.

Tuilleadh eolais: Gaeilge Locha Riach ***091 870718***

Cumann Óige Locha Riach, family and friends came together at the end of June to celebrate their achievements that they have completed this year.

They certainly had reason to celebrate as they had a busy enough year as they put together a short documentary on DVD based on a play they prepared for 'Féile Raifteirí'
They also recorded a radio programme with **Máirtín Davy Ó Coistealbha** RTÉ RnaG by the name of 'Na Spailpíní Óga'.

Stories about the above and more were available in the magazine 'Cois Locha' which they recently published.

Paidí Ó Lionáird (TG4) launched the DVD, the radio programme and the magazine at this special occasion hosted in Naomh Breandán Credit Union.

It seems that *Cumann Óige Locha Riach* (Loughrea's Irish language Youth Club) are now making plans for next years events as they will next be coming together in September.

Further Info: Gaeilge Locha Riach ***091 870718***
Website : www.lochariach.com



Cois Locha
Seo clúdach na hirise a chur Cumann Óige Locha Riach i gcló le deireannas mar chlabhsúr ar imeachtaí na bliana 2009.